Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5752/26**

**FIN 139**
**PE-L 5**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024 Glacadh Formheas Litreach |

1. I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 58/2003[1] agus leis an gcéad mhír d'Airteagal 66 de Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004[2], tá sé de cheangal ar an gComhairle moltaí a tharraingt suas do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj).

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle (IO L 297, 22.9.2004, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1653/oj).

2. Ag na cruinnithe a bhí aige an 8 agus an 16 Eanáir 2026, scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cuntais bhliantúla ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2024[3], go hairithe a mhéid a bhaineann leis na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis na dréacht-téacsanna mar a leagtar amach san Aguisín iad.

3. Molann an Coiste um an mBuiséad do Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– na dréachtmholtaí mar a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo iad a ghlacadh; agus

– a shocrú go gcuirfear ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa iad agus an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin.

---

[3] IO C, C/2025/5734, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5734/oj.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 58/2003[1] agus leis an gcéad mhír d'Airteagal 66 de Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004[2], seolaim chugat, i ndoiciméad ar leithligh[3], moltaí ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2024.

[Clabhsúr dea-mhéine]

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/58/oj).

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle (IO L 297, 22.9.2004, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1653/oj).

[3] 5752/26 + ADD 1.